# Scéim Deontais don Chlár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 - Foirm Iarratais (Costais Chaipitiúla)

## SEICLIOSTA INCHÁILITHEACHTA

**Ní mór d'iarratasóirí gach ceann de na ráitis seo a leanas a dhearbhú:**

*Tabhair faoi deara go gcuireann * in iúl gur réimse éigeantach atá ann*

1. Léigh tú agus thuig tú Treoirlínte agus Téarmaí agus Coinníollacha Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026. *
   **Dearbhaím ☐**

2. Is eagraíocht nó grúpa neamhbhrabúis, pobalbhunaithe agus/nó san earnáil dheonach sibh atá lonnaithe in Éirinn.*
   **Dearbhaím ☐**

3. Dearbhaíonn tú go ndéanfar na hearraí agus seirbhísí nó oibreacha ar fad atá faofa faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 a sholáthar i gcomhréir le beartas soláthair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus caithfear fianaise a chur isteach chun aon mhaoiniú ceadaithe a tharraingt anuas.*
   **Dearbhaím ☐**

4. Tá d'eagraíocht/grúpa cláraithe le Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Chathair Bhaile Átha Cliath. Ní féidir an t-iarratas a chur isteach mura bhfuil d'Eagraíocht/do Ghrúpa cláraithe. **Ní mór uimhir LRP uathúil a bheith ag gach grúpa / eagraíocht a chuireann iarratas isteach.** Is féidir le baill atá cláraithe le LRP a n-uimhir LRP a aimsiú anseo https://dublincityppn.ie/members/. Má tá ceist ar bith agat nó má tá tú ag lorg tuilleadh faisnéise, cuir ríomhphost chuig: info@dublincityppn.ie *.
   **Dearbhaím ☐**

5. Is ciste caipitil é seo atá ceaptha le dul chun tairbhe dóibh siúd atá ina gcónaí i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.*
   **Dearbhaím ☐**

6. Leis an gcaiteachas molta, cuirfear le tacaíocht a thabhairt do Sprioc 4 de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029:
   *'Pobail na Cathrach a chur chun cinn agus a chothú le go mbeidh siad níos inbhuanaithe, níos rathúla, níos sábháilte, níos láiche, níos fáiltí agus níos ionchuimsithí'* *
   **Dearbhaím ☐**

7. Dearbhaíonn tú go gceannófar gach earra ar cuireadh isteach orthu agus/nó go gcríochnófar na hoibreacha ar fad faoin **31 Deireadh Fómhair 2026**, sula gcuirtear cruthúnas íocaíochta isteach (admhálacha/sonraisc, marcáilte mar íoctha ag an soláthraí) agus sula dtarraingítear maoiniú anuas.*
   **Dearbhaím ☐**

8. Caithfidh tú cruthúnas íocaíochta (admhálacha/sonraisc, marcáilte mar íoctha ag an soláthraí) a chur isteach, chomh maith le tuarascáil le grianghraif a léiríonn conas a chuaigh an maoiniú chun tairbhe an ghrúpa nó na heagraíochta faoin **30 Samhain 2026**.*
   **Aontaím ☐**

9. Ní féidir maoiniú a tharraingt anuas go dtí go mbeidh gach cruthúnas ábhartha íocaíochta (admhálacha/sonraisc, marcáilte mar íoctha ag an soláthraí) curtha faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, chomh maith le fianaise go ndearnadh na hearraí agus/nó na hoibreacha a

sholáthar i gcomhréir le beartas soláthair CCBÁC. Caithfear aon mhaoiniú a tharraingt anuas faoin **18 Nollaig 2026**.*
**Dearbhaím ☐**

10. Dearbhaíonn tú go bhfuil an t-airgead riachtanach ag an ngrúpa/eagraíocht chun na hearraí a cheannach agus/nó na hoibreacha a chur i gcrích ar cuireadh isteach ar an maoiniú ina leith go dtí go gcuirtear cruthúnas íocaíochta isteach agus go mbeifear in ann an maoiniú a tharraingt anuas. *
**Dearbhaím ☐**

11. Aithníonn tú nach nglacfar le haon chruthúnas íocaíochta (admhálacha/sonraisc, marcáilte mar íoctha ag an soláthraí) a chuirtear isteach a bhfuil dáta air a tháinig sular fógraíodh na tionscadail ar éirigh leo. Ní féidir earraí a cheannach agus/nó oibreacha a dhéanamh sula bhfógraíonn an Roinn go hoifigiúil na tionscadail ar éirigh leo. *
**Aithním ☐**

12. Dearbhaíonn tú go bhfaighfear/go gceannófar ó sholáthraí Eorpach gach earra a cheannófar agus/nó na hoibreacha ar fad a dhéanfar faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil 2026. *
**Dearbhaím ☐**

# Foirm Iarratais na Scéime Deontais don Chlár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 (Costais Chaipitiúla)

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

Rialtas na hÉireann Government of Ireland

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

LCDC Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath Dublin City Local Community Development Committee

Ár dTodhchaí Tuaithe Our Rural Future

## Cuid 1 Caibidil 1
## Sonraí na hEagraíochta/ an Ghrúpa a bhfuil Iarratas á chur isteach acu

Tá gach ceist atá marcáilte le * éigeantach.

| | **Cuir do chuid freagraí isteach anseo ↓** |
|---|---|
| **1.** Ainm na hEagraíochta/an Ghrúpa* | |
| **2.** Ainm Oifigiúil na hEagraíochta/an Ghrúpa de réir Cuntas Bainc* | |
| **3.** Seoladh na hEagraíochta/an Ghrúpa* | |
| **4.** Éirchód * | |
| **5.** An Bhliain ar Bunaíodh an Eagraíocht/an Grúpa* | |
| **6.** Céadainm Theagmhálaí 1 * | |
| **7.** Sloinne Theagmhálaí 1 * | |
| **8.** Ról san Eagraíocht/sa Ghrúpa* | Cathaoirleach ☐<br>Rúnaí ☐<br>Cisteoir ☐<br>Eile ______________________ |
| **9.** Uimhir Gutháin Póca * | |
| **10.** Uimhir Líne Talún. | |
| **11.** Ríomhphost (le haghaidh comhfhreagrais)* | |

| | |
|---|---|
| **12.** Suíomh Gréasáin | |
| **13.** Ainm Iomlán Theagmhálaí 2* | |
| **14.** Uimhir Gutháin Póca Theagmhálaí 2* | |
| **15.** Uimhir Líne Talún Teagmhálaí 2. | |
| **16.** Ríomhphost Theagmhálaí 2* | |
| **17.** Ról Theagmhálaí 2 san Eagraíocht/sa Ghrúpa* | Cathaoirleach ☐<br>Rúnaí ☐<br>Cisteoir ☐<br>Eile ________________________________ |

## Cuid 1 Caibidil 2
## Sonraí na hEagraíochta/ an Ghrúpa a bhfuil Iarratas á chur isteach acu

| | |
|---|---|
| **18.** An bhfuil cleamhnacht nó ceangal ag d'eagraíocht/do ghrúpa le haon chomhlacht áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta? * | Tá ☐ Níl ☐ |
| Má tá, tabhair ainm na hEagraíochta * | |
| **19.** An bhfuil sibh in bhur gCarthanas Cláraithe? * | Tá ☐ Níl ☐ |
| Má tá, tabhair an uimhir charthanais * | *Ní mór uimhir 8 ndigit a bheith ann gan aon litir ná spás* |
| **20.** An bhfuil Uimhir Thagartha Cánach ag d'eagraíocht/do ghrúpa? * | Tá ☐ Níl ☐ |
| Má tá, tabhair an Uimhir Thagartha Cánach * | *Ní mór uimhir 7 ndigit agus 1 nó 2 litir a bheith ann. Ní cheadaítear spásanna* |
| **21.** An bhfuil Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach ag d'eagraíocht/do ghrúpa? * | Tá ☐ Níl ☐ |
| Má tá, tabhair an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach * | *Ní mór uimhir 6 dhigit a bheith ann gan aon litir ná spás* |
| **22.** Agus na *Treoirlínte* léite agus tuigthe agat roimh an iarratas seo a chur isteach, an | Measaim ☐ Níl ☐ |

| | |
|---|---|
| measann tú go gclúdaíonn an chatagóir sheirbhíse ábhartha de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí an tseirbhís a chuireann sibh ar fáil faoi 2015? * | |
| **23.** Más 'measaim' a roghnaigh tú le haghaidh **Cheist 22**, dearbhaigh go gcomhlíonann do ghrúpa/d'eagraíocht gach ceanglas i dtaca le Cumhdach Leanaí de réir an Achta atá i bhfeidhm. | Dearbhaím ☐ |
| **24.** Tabhair d'Uimhir LRP Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath? * | *Caithfidh an uimhir tosú le DCCPPN- agus ansin 5 dhigit*<br><br>**Uimhir LRP:** DCCPPN- |

**25.** Agus na **Treoirlínte** léite agus tuigthe agat roimh an iarratas seo a chur isteach, dearbhaigh go bhfuil na ceadanna agus/nó na ceanglais reachtúla seo a leanas maidir le hoibreacha molta tógála i bhfeidhm/comhlíonta, nó nach mbaineann siad le hábhar.

**Ceanglais Reachtúla:**

**25a.** Cead Pleanála *
Tá ☐ N/B ☐

**25b.** Rialacháin Tógála *
Tá ☐ N/B ☐

**25c.** Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán *
Tá ☐ N/B ☐

**25d.** Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas *
Tá ☐ N/B ☐

**25e.** Deimhniú Díolúine Alt 5 *
Tá☐ N/B ☐

**25f.** Cead ón úinéir talún/úinéir réadmhaoine ainmnithe agus/nó a ngníomhaire (más cuí) *
Tá☐ N/B ☐

**25g.** An bhfuil aon cheanglas ábhartha eile ann ba mhaith leat a chur ar fáil? *
Tá☐ N/B ☐

Más 'tá' a roghnaigh tú le haghaidh **25g**, tabhair sonraí le do thoil:

| |
|---|
| **<u>Más 'tá' a roghnaigh tú le haghaidh aon cheann de na ceisteanna thuas, cuir na doiciméid/teastais ábhartha isteach le d'iarratas</u>**<br><br>**Cead ón úinéir talún/úinéir réadmhaoine ainmnithe agus/nó a ngníomhaire – Bíonn gá le cead do na nithe seo a leanas:**<br><br>• Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas<br>• Doirse dóiteáin<br>• Córas téimh atá tíosach ar fhuinneamh<br>• Fuinneoga nua<br>• Insliú<br>• Áis spóirt<br>• Clubanna Óige<br>• Caifé<br>• Seomra cruinnithe<br>• Ceaintín/ Cistin<br>• Áiseanna seomra folctha<br>• Seomraí na gCéadfaí<br>• Deisiúcháin ar an díon<br>• Deisiúcháin ar an tsíleáil<br>• Athchur an urláir<br>• Péinteáil<br>• Domhainghlanadh aonuaire<br>• Cothabháil lasmuigh |

| | |
|---|---|
| **26.** An bhfuil polasaí árachais bailí i bhfeidhm agaibh? * | Tá ☐ N/B ☐ |
| **27.** An bhfuil beartas cosanta sonraí i bhfeidhm agaibh? * | Tá ☐ N/B ☐ |
| **28.** Cuspóir na hEagraíochta/an Ghrúpa – Cuir tic le dhá cheann ar a laghad (trí cinn ar a mhéad)*<br><br>*Ní bhíonn eaglais/scoil incháilithe chun iarratas a chur isteach ar mhaoiniú le haghaidh ach amháin nuair is féidir le duine ar bith den phobal úsáid a bhaint aisti (ní hamháin ó reiligiúin ar leith nó daltaí na scoile) agus nuair a bhíonn an eaglais/scoil inrochtana lasmuigh dá príomhuaireanta.* | Andúil ☐<br>Na hEalaíona ☐<br>Cultúr ☐<br>Leanaí & Daoine Óga ☐<br>Forbairt Pobail ☐<br>Míchumas ☐<br>Éagsúlacht ☐<br>Oideachas & Oiliúint ☐<br>Timpeallacht ☐<br>Bia ☐<br>Laghdú Dochair ☐<br>Cur chun Cinn na Sláinte ☐<br>Seirbhís Sláinte ☐<br>Seirbhís do Dhaoine gan Dídean ☐<br>Cóiríocht Éigeandála do Dhaoine gan Dídean ☐<br>Idirchreidmheach & Il-sainchreidmheach ☐<br>Imeascadh ☐<br>Idirchultúrtha ☐<br>Teanga ☐<br>Inniúlacht ☐<br>LADT+ ☐<br>Botháin na bhFear ☐ |

| | |
|---|---|
| | Botháin na mBan ☐<br>Meabhairshláinte ☐<br>Imircigh ☐<br>Ceol ☐<br>Pobail Nua ☐<br>Daoine Breacaosta ☐<br>Síocháin & Athmhuintearas ☐<br>Réamhscoil ☐<br>Téarnamh ☐<br>Athshlánú ☐<br>Cónaitheoirí ☐<br>Gasóga & Banóglaigh ☐<br>Ionchuimsiú Sóisialta ☐<br>Spórt & Áineas ☐<br>Marthanóirí ☐<br>An Lucht Siúil ☐<br>Obair Dheonach & Saoránacht Ghníomhach ☐<br><br>Eile ☐ *tabhair sonraí:* |

**29.** Cuir níos mó sonraí ar fáil dúinn agus tabhair achoimre ghairid dúinn ar aidhmeanna agus cuspóirí d'eagraíochta/do ghrúpa * (Teorainn 1,000 carachtar ar a mhéad)

| |
|---|
| |

**30.** Déan cur síos gairid ar **struchtúr d'eagraíochta/do ghrúpa**, mar shampla struchtúr an choiste nó an bhoird, sceideal na gcruinnithe, líon na mball nó na ndaoine atá páirteach sa ghrúpa, etc. * (Teorainn 1,000 carachtar ar a mhéad)

| |
|---|
| |

**31.** Cén bhaint atá ag do ghrúpa **le grúpaí/eagraíochtaí eile** sa cheantar áitiúil nó sa limistéar leasa? *
(Teorainn 1,500 carachtar ar a mhéad)

**32.** An ngearrann d'Eagraíocht/do Ghrúpa **táille as seirbhísí nó as ballraíocht**? * Ticeáil le do thoil.
Gearrann ☐ Níl☐

A. Más *gearrann* a roghnaigh tú, an ngearrann sibh táille réamhshocraithe ar na baill? Ticeáil le do thoil. Gearraimid ☐ Ní ghearraimid☐

B. Más *gearraimid* a roghnaigh tú, cé mhéad ball a íocann táille? _______________

C. Más *gearraimid* a roghnaigh tú, cé chomh minic is a ghearrtar táille orthu?
Gach Seachtain☐ Gach Mí☐ Gach Bliain☐ Eile ☐

Más *eile* a roghnaigh tú, tabhair sonraí:

D. Más *gearraimid* a roghnaigh tú, € cé mhéad a ghearrann sibh?

E. Más *ní ghearraimid* a roghnaigh tú le haghaidh Cheist 32A, tabhair achoimre ar struchtúr táillí na heagraíochta/an ghrúpa. Cuir sonraí san áireamh maidir le líon na mball ar a ngearrtar táillí, na táillí a ghearrtar agus cé chomh minic is a ghearrtar iad, etc.

33. An bhfuair sibh aon mhaoiniú nó deontais eile **ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó ó aon Eagraíocht/Ghníomhaireacht Stáit eile** le 8 mbliana anuas? Má fuair sibh, **tabhair sonraí: *Ticeáil le do thoil**

Fuair ☐ Níl☐

Tabhair taifead le haghaidh gach bliain, ag tosú sa bhliain 2018. Mura raibh maoiniú ar bith agaibh, cuir in iúl é le “N/B”

| **An Bhliain a Fuarthas an Maoiniú nó Deontas** *e.g. 2025* | **Eagraíocht(aí) Maoinithe** *e.g.Maoiniú AE* | **Ainm na Scéime** *e.g. Clár Feabhsúcháin Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Maoiniú AE – Clár LIFE 2021-2027, Pobal - Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide* | **Cuspóir an Mhaoinithe** *Doirse Dóiteáin Nua, Urlárlach, Athchóiriú Cistine, Troscán, Trealamh* | **Méid(eanna) a Fuarthas** *e.g. €15,000* |
|---|---|---|---|---|
| **2025** | | | | **€** |
| **2024** | | | | **€** |
| **2023** | | | | **€** |
| **2022** | | | | **€** |
| **2021** | | | | **€** |
| **2020** | | | | **€** |
| **2019** | | | | **€** |

| **2018** | | | | **€** |
|---|---|---|---|---|

*Déan cinnte go bhfuil taifead amháin ar a laghad ann in aghaidh na bliana.*

An bhfuil taifead curtha ar fáil agat do gach uile bhliain ó 2018 i leith? * Tá ☐

**Ní mór do gach iarratasóir a léiriú go gcomhlíonann siad go hiomlán téarmaí agus coinníollacha na scéime deontais seo mar atá leagtha amach i *dtreoirlínte* na scéime. Baineann an chomhlíontacht le deontais a thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Coiste Forbartha Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath roimhe seo freisin. Mura bhfuil tú in ann comhlíontacht a chruthú, d'fhéadfadh sé go measfaí go bhfuil d'iarratas neamhbhailí agus/nó gurbh éigean an deontas a aisíoc go páirteach nó go hiomlán.**

# CUID 2

# CUSPÓIR AN DEONTAIS

**Freagair gach ceann de na ceisteanna** thíos le hachoimre a thabhairt ar chuspóir an deontais a bhfuil tú ag cur isteach air faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026. Cuimhnigh nach ndéanfar measúnú ar an iarratas ach de réir na sonraí a chuir tú ar fáil san fhoirm seo, agus dá bhrí sin, gur chóir go mbeadh do chuid freagraí chomh sonrach agus is féidir.

**Cad é méid iomlán an chistithe** Caipitil a bhfuil tú ag cur isteach air faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026? *

| Scála an Deontais | Ticeáil |
|---|---|
| **Deontas de €3,000 nó níos lú**<br>*Tabhair faoi deara go n-imfhálófar 30% den mhaoiniú le haghaidh deontas de €3,000 nó níos lú.* | ☐ |
| **Deontas de níos mó ná €3,000 nó nach mó ná €10,000** | ☐ |
| **Deontas de níos mó ná €10,000 nó nach mó ná €25,000** | ☐ |

Caithfear na hearraí agus seirbhísí nó oibreacha ar fad atá faofa faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 a sholáthar i gcomhréir le beartas soláthair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus caithfear fianaise a chur isteach chun aon mhaoiniú ceadaithe a tharraingt anuas:

- **Le haghaidh earraí agus seirbhísí ginearálta nach mó ná €12,500 (gan CBL san áireamh)** ní mór d'iarratasóirí meastachán amháin a lorg lena bhféadfaí glacadh má mheastar go bhfaighfear luach ar airgead.
- **Le haghaidh earraí agus seirbhísí idir €12,500 agus €25,000 (gan CBL san áireamh)** ní mór trí mheastachán ar a laghad (ceann amháin in aghaidh an tsoláthraí) a lorg ó sholáthraithe inniúla
- **Le haghaidh oibreacha agus seirbhísí a bhaineann le hoibreacha idir €0 agus €200,000 (gan CBL san áireamh)** ní mór cúig mheastachán ar a laghad (ceann amháin in aghaidh an tsoláthraí) a lorg ó sholáthraithe inniúla.

Ní féidir le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aon íocaíocht a eisiúint a thabharfaidh maoiniú iomlán le linn tréimhse 12 mhí go dtí méid níos mó ná €10,000 (CBL san áireamh) gan uimhir rochtana imréitigh cánach a fháil, chomh maith le huimhir PSP/uimhir thagartha cánach. Má éiríonn le hiarratas, caithfear na sonraí sin a chur isteach freisin.

**Tabhair faoi deara:** Tá comhairle maidir le costais neamh-incháilithe san áireamh sna treoirlínte.

Is mian leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) iarratasóirí a spreagadh le hiarratais a chur isteach maidir le hearraí caipitiúla atá inbhuanaithe, neamhdhíobhálach don timpeallacht agus a thacaíonn le pobail áitiúla agus le fiontair shóisialta tríd an bhfeachtas 'Buy Social'. Mar shampla, b'fhearr leis an gcoiste iarratais a fhaomhadh le haghaidh ríomhairí glúine athchóirithe arna soláthar trí fhiontar sóisialta ná cinn nua ó chuideachta ilnáisiúnta, nó foireann bord agus cathaoireacha athchúrsáilte nó arna bhfoinsiú go hinbhuanaithe ó shiopa carthanais áitiúil ná cinn nua ó shiopa troscáin mór. Ní ghlactar ach le hearraí a fhaightear/a cheannaítear ó sholáthraí Eorpach.

Le tuilleadh eolais a fháil, féach an feachtas "Buy Social" agus eolaire ar líne de chuid Líonra Fiontar Sóisialta na hÉireann https://buysocial.ie/directory/

**Catagóir Thionscadail** *

**Cuir tic leis an mbosca/na boscaí a chuireann síos ar an úsáid a bhainfear as an gcistiú. Cuir tic le 2 chatagóir thionscadail ar a mhéad.**

Níl clubanna spóirt incháilithe chun iarratas a chur isteach ar threalamh spóirt. Ba cheart do chlubanna spóirt atá ag iarraidh cur isteach ar threalamh spóirt iarratas a chur isteach ar shlua-chistiú. https://www.dublincity.ie/people-and-communities/community-improvement-initiatives/find-community-grants-and-funding/crowdfund-dublin-city

| | |
|---|---|
| Feabhsú inrochtaineachta ☐ | Trealamh glantacháin taobh istigh ☐ |

| | |
|---|---|
| Trealamh fuaime e.g. callairí, micreafón ☐ | Innealra ☐ |
| Cothabháil/ athchóiriú ionad pobail ☐ | Cothabháil foirgnimh/áitribh (péinteáil agus miondeisiúcháin) ☐ |
| Mol Pobail ☐ | Cothabháil foirgnimh/áitribh (athchóiriú) ☐ |
| Oibreacha tógála e.g. oibreacha inmheánacha foirgnimh, síneadh leis an bhfoirgneamh ☐ | Bothán na bhFear ☐ |
| Forbairt áiseanna pobail ☐ | Ábhar Bolscaireachta ☐ |
| Forbairt spásanna súgartha/áineasa ☐ | Feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí, sráid-dreachú san áireamh ☐ |
| Forbairt áiseanna spóirt/áineasa ☐ | Trealamh sábháilteachta ☐ |
| Forbairt clubanna nó áiseanna óige ☐ | Bothán na nDeirfiúracha ☐ |
| Uasghrádú ar éifeachtúlacht fuinnimh e.g. insliú, painéil ghréine ☐ | Trealamh spóirt ☐ |
| Troscán ☐ | Trealamh oiliúna ☐ |
| Trealamh garraíodóireachta e.g. lomairí léana, scairdniteoir, uirlisí garraíodóireachta ☐ | Fístrealamh e.g. teilifís, scáileán, teilgeoir ☐ |
| Trealamh ginearálta ☐ | Bothán na mBan ☐ |
| Trealamh TFC e.g. ríomhaire glúine, ríomhaire pearsanta, printéir ☐ | Oibreacha chun cur le bithéagsúlacht nó chun lorg carbóin saoráide a laghdú ☐ |
| Feabhsúcháin ar pháirceanna an bhaile agus ar limistéir agus spásanna comhroinnte ☐ | Eile ☐ (Tabhair sonraí thíos) |

Tabhair faoi deara: má éiríonn leis an iarratas, caithfidh an grúpa/eagraíocht earraí a cheannach agus/nó oibreacha a chur i gcrích faoin **31 Deireadh Fómhair 2026**, cruthúnas íocaíochta (admhálacha nó sonraisc, marcáilte mar íoctha ag an soláthraí) a chur isteach agus fianaise a thabhairt go ndearnadh na hearraí agus/ nó na hoibreacha a sholáthar i gcomhréir le beartas soláthair CCBÁC faoin **30 Samhain 2026** chun go mbeifear in ann an maoiniú a tharraingt anuas faoin **18 Nollaig 2026.**

Má éiríonn libh, agus má tá an maoiniú a bhfuil sibh ag cur isteach air le caitheamh ar thionscadal ar leith, cathain a thosóidh an tionscadal agus cathain a chuirfear i gcrích é? (Teorainn 500 carachtar ar a mhéad) *

Teastaíonn níos mó sonraí uainn maidir leis an méid a bhfuil sibh ag cur iarratais isteach air. Tabhair níos mó sonraí maidir le cuspóir an deontais. (Teorainn 1,000 carachtar ar a mhéad) *

Conas a chuidíonn bhur dtogra chun **Sprioc 4** den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2024 – 2029 a bhaint amach?

*'Pobail na Cathrach a chur chun cinn agus a chothú le go mbeidh siad níos inbhuanaithe, níos rathúla, níos sábháilte, níos láiche, níos fáiltí agus níos ionchuimsithí'*

(Teorainn 1,000 carachtar ar a mhéad) *

Tabhair sonraí faoin **limistéar geografach/faoin gceantar** a bhainfidh **tairbhe** as an gcistiú a bhfuil tú ag cur isteach air agus méid an mhíbhuntáiste atá ann **e.g. An Chabrach Baile Átha Cliath 7, Cromghlinn Baile Átha Cliath 12**

(Teorainn 500 carachtar ar a mhéad) *

Dearbhaigh go gcaithfear an maoiniú deontais seo san áitreabh/ saoráid ag an seoladh cláraithe agus Éirchód a thug tú. *

Dearbhaím ☐ Ní dhearbhaím☐

Más 'ní dhearbhaím' a roghnaigh tú, tabhair ainm, seoladh agus Éirchód na háite a gcaithfear an maoiniú deontais inti. E.g. seomra ar cíos ag seoladh eile *

| |
|---|
| |

Cuir in iúl **neaslíon na ndaoine** a bhainfidh tairbhe as an gcaiteachas molta. *

| |
|---|
| |

Cuir in iúl **cé chomh minic** is a bhainfidh an príomh-spriocghrúpa tairbhe as an maoiniú deontais. *

| | |
|---|---|
| Uair Amháin | ☐ |
| Gach Lá | ☐ |
| Gach Seachtain | ☐ |
| Gach Mí | ☐ |

Deimhnigh **úinéir an tsuímh/ an fhoirgnimh nó na socruithe léasa** atá i bhfeidhm san áit a gcaithfear an maoiniú. *

| | |
|---|---|
| **An sibhse úinéir na láithreach/ an fhoirgnimh?** * | Is sinne ☐ Ní sinne☐ |
| Más *tá* a roghnaigh tú, an ligeann sibh ar foléas é? * | Ligimid ☐ Ní ligimid☐ |
| Más *ligimid* a roghnaigh tú, cé dó a ligeann sibh an láthair/an foirgneamh ar foléas? *<br><br>Iarrtar ort sonraí maidir leis an bhfoléas, sonraí teagmhála agus tréimhse an fholéasa etc. a thabhairt (Teorainn 1,000 carachtar ar a mhéad) | |
| ***Murr sibhse úinéirí na láithreach/an fhoirgnimh,* cad é stádas an léasa?** * | |

| *Ticeáil agus freagair an cheist chuí.* | |
|---|---|
| Léas ☐ | Cé uaidh a bhfuil an láthair/an foirgneamh ar léas agaibh? Tabhair sonraí faoin léas, le do thoil. (Teorainn 1,000 carachtar ar a mhéad) |
| Foléas ☐ | Cé uaidh a bhfuil an láthair/an foirgneamh ar foléas agaibh? Tabhair sonraí faoin bhfoléas, le do thoil. (Teorainn 1,000 carachtar ar a mhéad) |
| Ceadúnas ☐ | Tabhair sonraí an cheadúnais. (Teorainn 1,000 carachtar ar a mhéad) |
| Eile ☐ | Tabhair sonraí le do thoil. (Teorainn 1,000 carachtar ar a mhéad) |
| Más cuí, iarrtar ort cead scríofa ó úinéir na réadmhaoine a chur isteach le d'iarratas. | |

# Cuid 3
# Maoiniú Deontais

Tabhair an **chostáil bheacht** thíos. **Ní mór duit fianaise a chur isteach, in éineacht le d'iarratas, maidir le costas** a bhfuiltear ag cur iarratais isteach ina leith faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026. Déan cinnte go n-áirítear CBL le fianaise an chostais.

Glacfar le meastachán scríofa nó asphrionta ó shuíomh gréasáin soláthraí mar fhianaise ar chostais chaipitiúla chun d'iarratas a chur isteach. **Ní** ghlacfar le nasc chuig suíomh gréasáin. Má fhaigheann an tionscadal maoiniú páirteach ó fhoinse eile, lena n-áirítear maoiniú ón iarratasóir féin, **iarrtar ort fianaise a**

**chur isteach freisin maidir le haon iarmhéid atá ar fáil le heasnamh** sa mhaoiniú a chumhdach**. Ní mheasfar d'iarratas mura gcuireann tú an doiciméadacht sin ar fáil leis an bhfoirm.**

Má éiríonn leis an iarratas, caithfear fianaise a chur isteach go ndearnadh na hearraí agus/nó na hoibreacha a sholáthar i gcomhréir le beartas soláthair CCBÁC sula bhféadfar maoiniú a tharraingt anuas, roimh an **18 Nollaig 2026.**

A. Méid ar a bhfuiltear ag cur isteach faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 do chostais chaipitiúla *

| |
|---|
| € |

B. An é sin costas páirteach nó costas iomlán an tionscadail? *
Páirteach☐ Iomlán ☐

Más costas páirteach atá ann, tabhair an costas iomlán

| |
|---|
| € |

Más costas páirteach atá ann, cuir isteach sonraí agus fianaise maidir le foinsí eile maoinithe le haghaidh an chaiteachais mholta in éineacht leis an doiciméadacht bhreise.

| Más costas páirteach atá ann, cá bhfaighidh do ghrúpa aon mhaoiniú atá in easnamh? * | |
|---|---|
| *Tabhair sonraí le do thoil:* | *Méid:*<br>€ |

Cuir isteach fianaise maidir le costais anseo. Glacfar le meastachán scríofa nó asphrionta ó shuíomh gréasáin soláthraí mar fhianaise. Ní ghlacfar le nasc chuig suíomh gréasáin. *

# Cuid 4
# Sonraí Cuntais Bainc

Má éiríonn le hiarratas faoin gclár seo, ní íocfar an maoiniú **ach le Cuntas Bainc na heagraíochta/an ghrúpa a chuir an t-iarratas isteach.**

Má tá aon mhaoiniú faighte agat trí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ar chuir tú Sonraí bhur gCuntais Bainc isteach cheana féin? *

Chuir ☐ Níor chuir☐

Más *'chuir'* a roghnaigh tú, tabhair na sonraí maidir le do ghrúpa atá le feiceáil **ar an gCuntas Bainc**

| | |
|---|---|
| Ainm na hEagraíochta/an Ghrúpa ar an gCuntas Bainc * | |
| Seoladh an Bhainc * | |

| | |
|---|---|
| Ainm an Teagmhálaí * | |
| Ríomhphost * | |

# Cuid 5
# Dearbhú

1. Dearbhaím gur léigh mé agus gur thuig mé ina n-iomláine Treoirlínte agus Téarmaí agus Coinníollacha Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 agus go bhfuil an t-iarratas seo á chur isteach tar éis dom glacadh leis na Téarmaí agus Coinníollacha sin agus i gcomhréir leo. *

   **Dearbhaím ☐**

2. Dearbhaím go bhfuil an grúpa atá ag cur iarratais isteach cáin-chomhlíontach (má tá sé cláraithe sa chóras cánach). *

   **Dearbhaím ☐** **Ní bhaineann le hábhar ☐**

3. Má éiríonn leis an iarratas, dearbhaím go ndéanfar na hearraí agus seirbhísí nó oibreacha go léir a cheannaítear faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 a sholáthar i gcomhréir le Beartas Soláthair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus caithfear fianaise a chur isteach sula bhféadfar maoiniú a tharraingt anuas. *
   **Dearbhaím ☐**

4. Má éiríonn leis an iarratas, dearbhaigh go mbeidh na hearraí ar fad ceannaithe agus/nó na hoibreacha ar fad déanta faoin **31 Deireadh Fómhair 2026.** Ní chaithfear an maoiniú ach amháin ar earraí/oibreacha faofa. *
   **Dearbhaím ☐**
5. Má éiríonn leis an iarratas, dearbhaigh go gcuirfidh an eagraíocht/grúpa iarratasóra cruthúnas íocaíochta (admhálacha nó sonraisc, marcáilte mar íoctha ag an soláthraí) isteach chomh maith le fianaise go ndearnadh na hearraí agus/nó na hoibreacha a sholáthar i gcomhréir le beartas soláthair CCBÁC faoin **30 Samhain 2026** chun an maoiniú a tharraingt anuas. *

   **Dearbhaím ☐**

6. Má éiríonn leis an iarratas, dearbhaigh go dtarraingeoidh an eagraíocht/grúpa iarratasóra an maoiniú anuas faoin **18 Nollaig 2026.** Tabharfar ar ais don Roinn aon mhaoiniú nach dtarraingítear anuas roimh an dáta sin. * **Dearbhaím ☐**

7. Dearbhaím nach mbeadh an t-airgead ag an eagraíocht/grúpa iarratasóra chun tabhairt faoin obair/tionscadal atá i gceist gan an deontas seo nó go n-éascóidh an deontas tionscadal níos mó nach mbeadh ar acmhainn an ghrúpa/na heagraíochta gan an deontas. *
   **Dearbhaím ☐**

8. Aithním nach nglacfar le hadmhálacha a chuirtear isteach a bhfuil dáta orthu a tháinig sular fhógair an Roinn na tionscadail ar éirigh leo. Ní féidir earraí a cheannach agus/nó oibreacha a dhéanamh sula bhfógraíonn an Roinn go hoifigiúil na tionscadail ar éirigh leo. *
   **Dearbhaím ☐**

9. Aontaím go n-úsáidfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na sonraí teagmhála a tugadh le haghaidh deontas nó imeachtaí pobail sa todhchaí. *
**Dearbhaím** ☐

10. Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá á chur ar fáil san fhoirm seo cruinn agus iomlán.*
**Dearbhaím** ☐

11. Tuigim go gcaithfear aitheantas poiblí a thabhairt do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ngach ábhar fisiceach agus i ngach ábhar ar líne agus ar na meáin shóisialta a bhaineann leis an deontas.*
**Dearbhaím** ☐

| | |
|---|---|
| Priontáil Ainm (thar ceann an ghrúpa) | |
| Post sa Ghrúpa<br>(Cathaoirleach, Rúnaí nó Cisteoir) | |
| Dáta | |

Seol an fhoirm iarratais, líonta amach agus sínithe, chomh maith leis na doiciméid tacaíochta trí ríomhphost chuig lcdc@dublincity.ie roimh **13.00, Aoine 27 Feabhra, 2026.**